
# An Sorcas



Tháinig an sorcas Dé Céadaoin. Bhí sé i bpáirc **ar imeall** an bhaile. Bhí **puball** mór i lár na páirce. Um thráthnóna thug Mamaí na páistí go dtí an sorcas. Cheannaigh sí na ticéid agus isteach sa phuball leo. Bhí an puball **plódaithe** le daoine. Thosaigh an **banna ceoil** ag seinm agus tháinig **máistir an tsorcais** amach. Rith **fir ghrinn** amach ina dhiaidh agus thosaigh na páistí ag **béiceadh.** Thaitin **an clár** go mór leis na páistí.
Chuir Liam suim sna hainmhithe go léir. Rith capall timpeall an chró agus fear ina sheasamh air. Bhí moncaí ar **mhaide luascáin ag luascadh** anonn agus anall. Bhí **leon fíochmhar** feargach istigh i gcás. D'oscail sé a bhéal agus chonaic na páistí na fiacla géara. Tháinig fear amach ar rothar agus sheas sé ar an **diallait.** Thug gach éinne bualadh bos an-mhór dó.
Chuaigh na páistí abhaile **go sona sásta**.

**Foclóir:**
**imeall an bhaile,** outskirts of the town
**puball,** tent
**plódaithe,** crowded
**fíochmhar,** fierce
**diallait,** saddle

**A. Scríobh amach an freagra ceart:**
1. Cá raibh an sorcas?
   — i lár na sráide.
   — i bpáirc ar imeall an bhaile.
   — sa phictiúrlann.
2. Cén fáth ar thosaigh na páistí ag béiceadh?
   — mar chonaic siad an eilifint.
   — mar chuala siad torann ait.
   — mar rith na fir ghrinn amach.
3. Cá raibh an moncaí?
   — ar an diallait.
   — ar mhaide luascáin.
   — ar an gcapall.

**B. Críochnaigh na habairtí seo a leanas:**
1. Tháinig an sorcas — — .
2. Bhí puball mór i lár — — .
3. Cheannaigh sí na ticéid agus isteach — — — .
4. Thaitin an clár go mór leis — — .
5. Bhí leon fíochmhar feargach istigh — — .

**C. Scríobh amach na ceisteanna do na freagraí seo a leanas:**
1. Thug Mamaí na páistí go dtí an sorcas.
2. Na fir ghrinn.
3. Bhí sé ar mhaide luascáin.
4. D'oscail sé a bhéal.
5. Thug gach éinne bualadh bos an-mhór dó.

**D. Freagair na ceisteanna seo a leanas:**
1. Cathain a tháinig an sorcas?
2. Cé a bhí ina sheasamh ar an gcapall?
3. Cad a rinne an capall?
4. Cá raibh an leon?
5. Cad a chonaic na páistí nuair a d'oscail an leon a bhéal?
6. Céard a rinne an fear leis an rothar?

**Gramadach 22**
1. Máistir an **tsorcais.**
   **Scríobh amach an fhoirm cheart de na focail atá idir lúibíní:**
   hata (an sagart), ceann (an fear), roth (gluaisteán), taobh (an luascán), diallait (an rothar).
2. Rith **fir ghrinn** amach **ina** dhiaidh.
   (mise, tusa, ise, sinne, sibhse, iadsan.)
3. **Briathra:**
   (i) **Rith** capall timpeall an chró **inné.**
   (gach lá, anois, amárach.)
   (ii) **Chonaic** siad moncaí **inné.**
   (gach lá, amárach, an ?, ní).